2025/656

18.6.2025

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/656 ÓN gCOIMISIÚN

## an 2 Aibreán 2025

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1804 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin le haghaidh athluchtú gan sreang, córas bóithre leictreacha, cumarsáid ó fheithicil go heangach agus soláthar hidrigine le haghaidh feithiclí bóthair

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1804 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Féadfaidh an Coimisiún Iarscríbhinn II maidir le sonraíochtaí teicniúla a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804 a leasú chun sonraíochtaí teicniúla nua a thabhairt isteach nó tagairtí do na caighdeáin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin a thabhairt cothrom le dáta chun idir-inoibritheacht theicniúil iomlán an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe a chumasú ó thaobh naisc fhisiciúla, malartuithe cumarsáide agus rochtain do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

(2) De bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2023/1804, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin Eorpacha a dhréachtú ina leagfar síos sonraíochtaí teicniúla do réimsí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin agus nach bhfuil aon sonraíocht theicniúil choiteann glactha ag an gCoimisiún ina leith.

(3) In 2022, de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) caighdeáin Eorpacha iomchuí a fhorbairt agus a ghlacadh maidir le malartú cumarsáide, soláthar leictreachais agus hidrigine le haghaidh iompar de bhóthar, muiriompair, agus loingseoireacht intíre (M-581) ([3]).

(4) Le litir dar dáta an 17 Iúil 2024, chuir CEN agus Cenelec in iúl don Choimisiún go raibh roinnt oibreacha um chaighdeánú a iarradh curtha i gcrích. Mhol CEN agus Cenelec go gcuirfeadh an Coimisiún na caighdeáin sin isteach i gcreat dlíthiúil ábhartha an Aontais. Ba cheart sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804 na moltaí sin a léiriú.

(5) Chun gur féidir úsáid rianúil a bhaint as feithiclí breoslaí malartacha ar fud an Aontais, i bhforálacha teicniúla maidir leis an 'idir-inoibritheacht' ba cheart tagairt a dhéanamh go docht d'acmhainneacht pointí athluchtaithe agus athbhreoslaithe atá inrochtana don phobal agus atá príobháideach le haghaidh breoslaí malartacha fuinneamh a sholáthar atá comhoiriúnach le gach teicneolaíocht feithicle ábhartha.

(6) Faoi láthair, tá na sonraíochtaí teicniúla maidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta ag a bhfuil sruth díreach (SD) le haghaidh feithiclí leictreacha le fáil i bpointe 1.2 d'Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) 2023/1804, pointe a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla maidir le pointí athluchtaithe ardchumhachta, cé gur cheart dóibh a bheith i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn II. Ba cheart teidil phointí 1.1 agus 1.2 a athrú chomh maith chun a shoiléiriú nach bhfuil feidhm acu ach maidir le feithiclí leictreacha saothair éadroim.

([1]) IO L 234, 22.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1804/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir le hiarraidh ar chaighdeánú ar an eagraíocht Eorpach um chaighdeánú maidir le malartú cumarsáide, soláthar leictreachais agus hidrigine le haghaidh iompar de bhóthar, muiriompair, agus loingseoireacht intíre chun tacú le Treoir 2014/94/AE agus an t-athbhreithniú atá beartaithe uirthi faoin bpacáiste 'Oiriúnach do 55' (M-581) (C(2022) 1710).

(7) Chuir CEN agus Cenelec an Coimisiún ar an eolas gur cheart na caighdeáin maidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus ardchumhachta le haghaidh feithiclí leictreacha atá i bpointí 1.1 agus 1.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804 a thabhairt cothrom le dáta mar gheall ar athrú teidil. Is é an cuspóir atá ann 'ceanglais chomhoiriúnachta' a chur in ionad na tagartha do 'cheanglais inmhalartachta' nár tugadh aghaidh orthu sa chaighdeán. Is iad na leaganacha nua le haghaidh na gcodanna ábhartha den chaighdeán ar cheart feidhm a bheith acu ar a laghad maidir leis na pointí athluchtaithe nuashuiteáilte nó athchóirithe sin EN IEC 62196-2:2022 agus EN IEC 62196-3:2022. Chun go seachnófaí athsholáthar féideartha crua-earraí atá ag feidhmiú faoi láthair, ba cheart pointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus ardchumhachta atá ann faoi láthair leanúint de na codanna ábhartha EN IEC 62196-2:2017 agus EN IEC 62196-3:2014 den chaighdeáin a chomhlíonadh go dtí go n-athchóireofar iad.

(8) I gcuid EN IEC 61851-1:2019 den chaighdeán tugtar tuairisc ar cheithre mhodh fhéideartha athluchtaithe (Móid 1, 2, 3 agus 4). Baineann saintréithe oibríochtúla, feidhmeanna agus coinníollacha teicniúla tábhachtacha maidir leis an bpointe athluchtaithe leis na móid athluchtaithe sin, amhail gnéithe sábháilteachta leictrí agus saintréithe oibríochtúla nach mór d'fheithiclí leictreacha a chomhlíonadh chun athluchtú go sábháilte agus go rathúil. Chun go dtuigfidh an margadh go héasca na móid athluchtaithe éagsúla a bhaineann leis na caighdeáin maidir le pointí athluchtaithe a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804, ba cheart iad a bheith sa Rialachán sin, in éineacht leis na caighdeáin ábhartha.

(9) Chuir CEN agus Cenelec an Coimisiún ar an eolas gur cheart é a bheith ceadaithe, chun críoch idir-inoibritheachta, pointí athluchtaithe príobháideacha gnáthchumhachta ag a bhfuil sruth ailtéarnach (SA) le haghaidh feithiclí leictreacha a bheith feistithe le hasraonta soicéid le haghaidh athluchtú i Mód 2 i gcomhréir le cuid IEC 60884-1:2022 de chaighdeán freisin. Níor cheart feidhm a bheith ag Cuid 1 den chaighdeán sin ach maidir le plocóidí agus asraonta soicéid dhoghluaiste nó shoghluaiste le haghaidh athluchtú SA, atá beartaithe chun críoch tí agus chun críoch cosúil, laistigh nó lasmuigh, sa chás ina bhfuil gaireas rialaithe agus cosanta sa chábla a áirithíonn cosaint, rialú agus socrú cumhachta sábháilte i gceist le Mód 2.

(10) Cumhdaítear sa sainmhíniú ar 'phointe athluchtaithe' in Airteagal 2, pointe (48), de Rialachán (AE) 2023/1804 gairis a bhfuil aschur cumhachta níos lú ná 3,7 kW nó cothrom leis sin acu agus arb é is príomhchuspóir dóibh feithiclí leictreacha a athluchtú i Mód 2. Dá bhrí sin, ba cheart na gairis sin a áireamh i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804 freisin. Chun críoch idir-inoibritheachta, maidir le pointí athluchtaithe príobháideacha gnáthchumhachta SA arb é is príomhchuspóir dóibh feithiclí leictreacha a athluchtú, ba cheart iad a bheith feistithe le hasraonta soicéid nó nascóirí feithiclí de Chineál 2 le haghaidh athluchtú i Mód 3 ar a bhfuil tuairisc in EN IEC 62196-2:2022 ar a laghad. De rogha air sin, más é go bhfuil aschur cumhachta níos lú ná 3,7 kW nó cothrom leis sin acu, agus más é an príomhchuspóir atá acu feithiclí leictreacha a athluchtú i Mód 2 amháin, ba cheart iad a bheith feistithe le hasraonta soicéid le haghaidh athluchtú i Mód 2 atá i gcomhréir le IEC 60884-1:2022 ar a laghad.

(11) Chuir CEN agus Cenelec an Coimisiún ar an eolas gur cheart na caighdeáin maidir le pointí athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha de chatagóir L atá i bpointe 1.3(a) agus (b) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804 a thabhairt cothrom le dáta. I gcás an chaighdeáin i bpointe 1.3(a), is gá é a thabhairt cothrom le dáta mar gheall ar athrú teidil chun an tagairt do 'cheanglais inmhalartachta' a ionadú. I gcás an chaighdeáin i bpointe 1.3(b), is gá é a thabhairt cothrom le dáta chun roinnt feabhsuithe teicniúla a chur san áireamh, lena n-áirítear an soiléiriú ar shainmhínithe nach dtugtar aghaidh orthu sa chaighdeán le 'riachtanais comhoiriúnachta'. Is iad na leaganacha nua le haghaidh na gcodanna ábhartha de na caighdeáin EN IEC 62196-2:2022 agus IEC 60884-1:2022. Ba cheart an teideal ar phointe 1.3 a athrú freisin chun a shoiléiriú, i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2023/1804, nach mbaineann sé ach le feithiclí leictreacha de chatagóir L. Toisc go n-athraítear leis an Rialachán seo teidil phointí 1.1 agus 1.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804, ba cheart tagairt a dhéanamh faoi phointe 1.3 den Iarscríbhinn sin do na codanna ábhartha de chaighdeáin le haghaidh pointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus ardchumhachta ag a bhfuil sruth ailtéarnach agus sruth díreach atá infheidhme maidir le feithiclí leictreacha de chatagóir L, toisc go bhfuil siad infheidhme go fóill maidir leis na feithiclí sin. Chun go seachnófaí athsholáthar féideartha crua-earraí atá ag feidhmiú faoi láthair, maidir le haistriú na gcodanna sin den chaighdeán chuig na leaganacha nua EN IEC 62196-2:2022 agus EN IEC 62196-3:2022 le haghaidh pointí athluchtaithe nuashuiteáilte agus athchóirithe faoi phointe 1.3.2 agus 1.3.3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804, ba cheart an cur chuige céanna a úsáid agus a úsáidtear le haghaidh na bpointí athluchtaithe faoi phointí 1.1 agus 1.2 den Iarscríbhinn sin. Tá gá leis na leasuithe ar theidil agus raon feidhme phointí 1.1, 1.2 agus 1.3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804 chun na caighdeáin is infheidhme maidir le gach catagóir feithicle a chur i láthair ar bhealach níos soiléire.

(12) Ba cheart athluchtú feithiclí leictreacha i Mód 2 a bheith indéanta ach an t-asraon soicéid caighdeánach i ngach Ballstát a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart comhlíontacht pointí athluchtaithe le hasraonta soicéid de chuid IEC 60884-1:2022 den chaighdeán, mar a cheanglaítear de bhun phointí 1.1 agus 1.3(b) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804, a áirithiú má comhlíonann asraonta soicéid na bpointí athluchtaithe córas náisiúnta an Bhallstáit, bunaithe ar chuid IEC 60884-1:2022 den chaighdeán, ina bhfuil an pointe athluchtaithe. Tá táirgí, lena n-áirítear asraonta soicéid le haghaidh athluchtú leictreach, le Rialachán (AE) 2023/988 ([4]) a chomhlíonadh.

(13) Chuir CEN agus Cenelec an Coimisiún ar an eolas gur cheart na caighdeáin maidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus ardchumhachta le haghaidh busanna leictreacha atá i bpointe 1.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804 a thabhairt cothrom le dáta mar gheall ar athrú teidil. Déantar sin chun 'ceanglais chomhoiriúnachta' a chur in ionad na tagartha do 'cheanglais inmhalartachta' nár tugadh aghaidh orthu sa chaighdeán. Is iad na leaganacha nua le haghaidh na gcodanna ábhartha de na caighdeáin ar cheart feidhm a bheith acu ar a laghad maidir leis na pointí athluchtaithe nuashuiteáilte nó athchóirithe sin EN IEC 62196-2:2022 agus EN IEC 62196-3:2022. Chun go seachnófaí athsholáthar féideartha crua-earraí atá ag feidhmiú faoi láthair, ba cheart pointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus ardchumhachta atá ann faoi láthair leanúint de na codanna ábhartha EN IEC 62196-2:2017 agus EN IEC 62196-3:2014 den chaighdeáin a chomhlíonadh go dtí go n-athchóireofar iad.

(14) I bhfianaise go bhfuil bonneagar athluchtaithe atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair á chur in úsáid cheana féin, is gá sonraíochtaí teicniúla coiteanna ábhartha a leagan amach chun idir-inoibritheacht an bhonneagair sin a áirithiú. Agus glacadh na gcaighdeán críochnaitheach ábhartha ina bhfuil na sonraíochtaí teicniúla maidir leis an gcóras luchtaithe meigeavata ar feitheamh, is gá a áirithiú gur idir-inoibrithe an bonneagar athluchtaithe atá in ann leictreachas a sholáthar d'fheithiclí leictreacha saothair éadroim agus d'fheithiclí leictreacha tromshaothair araon. Chun na críche sin, de réir phointe 1.6 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804, ba cheart pointí athluchtaithe ardchumhachta ag a bhfuil sruth díreach (SD) le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim agus feithiclí leictreacha tromshaothair a bheith feistithe le nascóirí feithicle an chomhchórais luchtaithe 'Combo 2' le haghaidh athluchtú i Mód 4, ar a bhfuil tuairisc i gcuid EN IEC 62196-3:2022 den chaighdeán. Mar sin féin, níor cheart feidhm a bheith ag an gcaighdeán sin maidir le bonneagar athluchtaithe atá tiomnaithe d'fheithiclí leictreacha tromshaothair amháin agus atá feistithe leis an gcóras luchtaithe meigeavata amháin, toisc go dtabharfar na sonraíochtaí teicniúla ábhartha isteach i Rialachán (AE) 2023/1804 nuair a bheidh an obair chaighdeánaithe le haghaidh an chórais luchtaithe meigeavata tugtha chun críche.

(15) Chuir CEN agus Cenelec an Coimisiún ar an eolas maidir leis na caighdeáin a mholtar a chur i bhfeidhm maidir le pointí athluchtaithe le haghaidh athluchtú ionduchtach statach gan sreang le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim. Faoi phointe 1.7 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804, ba cheart feidhm a bheith ag na codanna EN IEC 61980-1:2021, IEN IEC 61980-2:2023 agus EN IEC 61980-3:2022 den chaighdeán maidir leis na pointí athluchtaithe sin.

(16) Chun cur chun feidhme sábháilte, slán agus idir-inoibritheach Chodanna 1, 2 agus 3 de chaighdeán EN IEC 61980 ar an margadh a neartú, rinne Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin tástáil ar na fréamhshamhlacha de chóras aistrithe cumhachta gan sreang a forbraíodh le haghaidh athluchtú ionduchtach statach gan sreang le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim, i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a leagtar amach sna codanna sin den chaighdeán. Deimhníonn torthaí na tástála go gcomhlíonann na fréamhshamhlacha de chóras aistrithe cumhachta gan sreang teorannacha Chodanna 1, 2 agus 3 de chaighdeán EN IEC 61980 agus, dá bhrí sin, gur iomchuí an caighdeán sin a thabhairt isteach i Rialachán (AE) 2023/1804.

(17) Chuir CEN agus Cenelec an Coimisiún ar an eolas maidir leis na caighdeáin a mholtar a chur i bhfeidhm maidir le bonneagar athluchtaithe le haghaidh soláthar cumhachta dinimiciúil ar leibhéal na talún trí ráillí seoltacha le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim agus feithiclí leictreacha tromshaothair. Ba cheart feidhm a bheith ag sonraíocht theicniúil CLC/TS 50717:2022 maidir leis an mbonneagar athluchtaithe sin.

(18) Chuir CEN agus Cenelec an Coimisiún ar an eolas maidir leis na caighdeáin a mholtar a chur i bhfeidhm maidir le pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal le haghaidh an chomhéadain cumarsáide ó fheithicil go heangach le haghaidh feithiclí bóthair, rud is ceart a leagan amach faoi phointe 2.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804. Ar a laghad, ba cheart feidhm a bheith ag na codanna EN ISO 15118-1:2019, EN ISO 15118-2:2016, EN ISO 15118-3:2016, EN ISO 15118-4:2019 agus EN ISO 15118-5:2019 den chaighdeán maidir leis na pointí athluchtaithe nuashuiteáilte nó athchóirithe sin. Ina theannta sin, maidir leis na pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal le haghaidh an chomhéadain cumarsáide ó fheithicil go heangach le haghaidh feithiclí bóthair

([4]) Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 87/357/CEE ón gComhairle (IO L 135, 23.5.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/988/oj).

a shuiteálfar nó a athchóireofar ón 1 Eanáir 2027, mhol CEN agus Cenelec gur cheart dóibh cuid EN ISO 15118-20:2022 den chaighdeán a chomhlíonadh ar a laghad. Thairis sin, maidir leis na pointí athluchtaithe príobháideacha le haghaidh an chomhéadain cumarsáide ó fheithicil go heangach le haghaidh feithiclí bóthair a shuiteálfar nó a athchóireofar ón 1 Eanáir 2027, ba cheart dóibh cuid EN IEC 61851-1:2019 den chaighdeán le haghaidh athluchtú i Mód 2, agus cuid EN ISO 15118-20:2022 den chaighdeán le haghaidh athluchtú i Mód 3 nó Mód 4, a chomhlíonadh ar a laghad. Is iomchuí idirthréimhse réasúnta a thabhairt do phointí athluchtaithe ar gá dóibh cuid EN ISO 15118-20:2022 den chaighdeán, atá níos nua agus níos casta ná an chuid a bhí ann roimhe, a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an gcuid sin den chaighdeán maidir leo ón 1 Eanáir 2027.

(19) Chuir CEN agus Cenelec an Coimisiún ar an eolas nach bhfuil feithiclí leictreacha atá ar an margadh faoi láthair feistithe ach le cuid EN ISO 15118-2:2016 den chaighdeán. Chomhthacaigh saineolaithe ón bhFóram Iompair Inbhuanaithe leis sin. Tá roinnt gnéithe ábhartha agus féidearthachtaí teicniúla in easnamh ó chuid EN ISO 15118-2:2016 den chaighdeán, amhail ard-athluchtú cliste, athluchtú déthreoch nó láimhseáil ilchonartha le haghaidh plugáil isteach agus luchtú. Cumhdaítear na gnéithe sin le cuid EN ISO 15118-20:2022 den chaighdeán. Ar an gcúis sin, chun a áirithiú gur féidir le húsáideoirí deiridh a bhfuil feithiclí leictreacha acu atá feistithe le EN ISO 15118-2:2016 faoi láthair pointí athluchtaithe a úsáid le linn ré feidhme a bhfeithiclí, is iomchuí a chur de cheangal ar phointí athluchtaithe san Aontas EN ISO 15118-2:2016 a chomhlíonadh freisin. Chun críoch idir-inoibritheachta, dá bhí sin ba cheart cómhaireachtáil an dá chuid EN ISO 15118-2:2016 agus EN ISO 15118-20:2022 den chaighdeán sa bhonneagar athluchtaithe atá inrochtana don phobal a áirithiú faoi phointí 2.1.1 agus 2.1.2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804 go dtí go mbeidh an margadh ar fad aistrithe chuig cuid EN ISO 15118-20:2022 den chaighdeán.

(20) Leis an Rialachán seo, cuirtear déantúsóirí buntrealaimh ar an eolas faoi na caighdeáin ábhartha is infheidhme maidir le pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal agus atá príobháideach. Chun aistriú tapa a áirithiú, ba cheart dóibh na caighdeáin sin a chur san áireamh agus feithiclí leictreacha nua á dtabhairt chun an mhargaidh agus, nuair is féidir é a dhéanamh go teicniúil, ba cheart dóibh feithiclí leictreacha atá ar an margadh faoi láthair a thabhairt cothrom le dáta, ó EN ISO 15118-2:2016 go EN ISO 15118-20:2022. Ar an gcaoi chéanna, nuair is féidir é a dhéanamh go teicniúil, ba cheart d'oibreoirí pointí athluchtaithe pointí athluchtaithe atá ar an margadh cheana a thabhairt cothrom le dáta chun go dtacóidh siad le EN ISO 15118-20:2022 sa bhreis ar EN ISO 15118-2:2016 agus le réitigh chumarsáide íseal-leibhéil fhéideartha eile atá ann faoi láthair amhail modhnú bíogleithid, ar a dtugtar tuairisc in EN IEC 61851-1:2019.

(21) Chun infheistíochtaí tréigthe i mbonneagar athluchtaithe poiblí agus príobháideach a sheachaint, maidir le pointí athluchtaithe atá ann cheana agus atá inrochtana don phobal le haghaidh athluchtú i Mód 3 agus 4 a úsáideann cumarsáid íseal-leibhéil amhail modhnú bíogleithid, atá in ann cumarsáid a dhéanamh cheana féin le feithiclí leictreacha ar an margadh atá feistithe le EN ISO 15118-2:2016, ba cheart na pointí athluchtaithe sin a dhíolmhú ó Chodanna 1 go 5 de chaighdeán EN ISO 15118, nó leaganacha leathnaithe ina dhiaidh sin, amhail EN ISO 15118-20:2022, a chur chun feidhme. D'fhéadfadh athruithe suntasacha bogearraí agus crua-earraí a bheith de dhíth chun pointí athluchtaithe atá ann cheana agus atá inrochtana don phobal a uasghrádú ó chumarsáid íseal-leibhéil go cumarsáid ardleibhéil, ar a dtugtar tuairisc in EN ISO 15118-2 agus EN ISO 15118-20, rud a d'fhágfadh go bhféadfadh sé gur gá an bonneagar feidhmiúil sin a athsholáthar ina iomláine. Ar an gcúis sin, níor cheart feidhm a bheith ag Codanna 1 go 5 de chaighdeán EN ISO 15118 ach amháin maidir le pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal atá nuashuiteáilte nó athchóirithe. Níor cheart feidhm a bheith ag an gcuid is déanaí EN ISO 15118-20:2022 den chaighdeán maidir leis na pointí athluchtaithe nuashuiteáilte nó athchóirithe sin go dtí an 1 Eanáir 2027 chun idirthréimhse réasúnta a thabhairt do na pointí athluchtaithe sin.

(22) Ina theannta sin, maidir le pointí athluchtaithe príobháideacha atá ann cheana le haghaidh athluchtú i Mód 2, a úsáideann réitigh chumarsáide íseal-leibhéil, amhail modhnú bíogleithid, atá in ann feidhmeanna athluchtaithe bunúsacha a dhéanamh le gnáthshoicéid tí agus cumarsáid a dhéanamh le feithiclí leictreacha ar an margadh atá feistithe le EN ISO 15118-2:2016 cheana féin, ba cheart iad a dhíolmhú freisin ó Chodanna 1 go 5 de chaighdeán EN ISO 15118, nó leaganacha leathnaithe ina dhiaidh sin, amhail ISO 15118-20:2022, a chur chun feidhme. Is é an chúis leis na caighdeáin sin nach mbeadh aon luach breise ag baint leo don úsáideoir deiridh faoi láthair. Ar an gcúis sin, ba cheart feidhm a bheith ag cuid EN IEC 61851-1:2019 den chaighdeán atá i bpointe 2.1.3 (a) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804 maidir le pointí athluchtaithe príobháideacha nuashuiteáilte nó athchóirithe le haghaidh athluchtú i Mód 2 ón 1 Eanáir 2027. Ina theannta sin, maidir le pointí athluchtaithe príobháideacha le haghaidh athluchtú i Móid 3 agus 4, i gcás ina bhfuil ardghnéithe athluchtaithe amhail athluchtú cliste agus athluchtú déthreoch feistithe le cumarsáid ardleibhéil amháin, níor cheart feidhm a bheith ag cuid EN ISO 15118-20:2022 den chaighdeán atá i bpointe 2.1.3 (b) den Iarscríbhinn sin maidir le pointí athluchtaithe nuashuiteáilte ná athchóirithe go dtí an 1 Eanáir 2027 chun idirthréimhse réasúnta a thabhairt do na pointí athluchtaithe sin.

(23) Ba cheart d'oibreoirí agus monaróirí pointí athluchtaithe atá inrochtana agus atá príobháideacha le haghaidh athluchtú feithiclí leictreacha i Móid 3 agus 4 go sonrach, a gcrua-earraí agus a mbogearraí a ullmhú agus a réamhshocrú chun tacaíocht cheart a thabhairt do chuid EN ISO 15118-20:2022 den chaighdeán ón 1 Eanáir 2027 i ngach pointe athluchtaithe nuashuiteáilte nó athchóirithe. Ba cheart cur chun feidhme foriomlán codanna EN ISO 15118-2 agus EN ISO 15118-20 den chaighdeán a dhéanamh ina iomláine, agus ba cheart a chur san áireamh ina gcur i bhfeidhm na feidhmiúlachtaí éigeantacha agus roghnacha a shainítear cheana féin laistigh de na codanna sin den chaighdeán, de réir mar is ábhartha do na cásanna úsáide agus móid athluchtaithe éagsúla. Áirithítear leis sin cur chun feidhme slán agus idir-inoibritheach na gcodanna den chaighdeán agus aird chuí á tabhairt ar na cásanna oibríochtúla éagsúla.

(24) Is réiteach teicniúil é plugáil isteach agus luchtú a chumasaítear le codanna EN ISO 15118-2:2016 agus EN ISO 15118-20:2022 den chaighdeán. Déanann sé foráil maidir le fíordheimhniú agus údarú uathoibríoch idir an fheithicil leictreach agus an stáisiún athluchtaithe. Fágann sé sin gur féidir seisiún athluchtaithe a dhéanamh ar bhonn íocaíocht chonradh-bhunaithe idir an t-úsáideoir deiridh agus an soláthraí seirbhíse soghluaisteachta, lena n-áirítear faisnéis bhilleála. Chun seisiún athluchtaithe a dhéanamh, níl le déanamh ag tiománaithe feithiclí leictreacha ach nascóir pointe athluchtaithe a nascadh leis an bhfeithicil leictreach, agus tosóidh an próiseas láithreach. Le cur chun feidhme plugáil isteach agus luchtú ar fud an Aontais, agus an fhéidearthacht d'úsáideoirí deiridh an teicneolaíocht sin a úsáid ar bhealach idir-inoibritheacht ar fud an Aontais, ba cheart tuilleadh deiseanna a bheith ann chun simpliú a dhéanamh ar phróiseas athluchtaithe feithiclí leictreacha agus feabhas a chur ar eispéireas an úsáideora trí chéile.

(25) Is féidir le hoibreoirí pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal a chinneadh go deonach an gcuirfidh siad seirbhísí plugáil isteach agus luchtú, nó seirbhísí ábhartha eile amhail athluchtú cliste agus athluchtú déthreoch ar fáil, i gcomhréir leis an leibhéal roghnaíochta a leagtar síos i gcodanna EN ISO 15118-2:2016 agus EN ISO 15118-20:2022 den chaighdeán. Ba cheart plugáil isteach agus luchtú a chur chun feidhme ar bhealach idir-inoibritheach ar fud an Aontais chun go mbeidh eispéireas an úsáideora simplí agus rianúil. Chun críoch idir-inoibritheachta agus slándála uile-Aontais, maidir le gach pointe athluchtaithe atá inrochtana don phobal ag a bhfuil sruth ailtéarnach agus ag a bhfuil sruth díreach le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim agus feithiclí leictreacha tromshaothair a shuiteálfar nó a athchóireofar ón 1 Eanáir 2027 a chuirfidh seirbhísí fíordheimhnithe agus údaraithe uathoibríoch ar fáil, amhail plugáil isteach agus luchtú, ba cheart iad a bheith i gcomhréir le EN ISO 15118-2:2016 agus EN ISO 15118-20:2022 araon. Maidir le pointí athluchtaithe atá ann cheana agus atá inrochtana don phobal agus a chuireann seirbhísí fíordheimhnithe agus údaraithe uathoibríoch ar fáil le réiteach cé is moite de phlugáil isteach agus luchtú bunaithe ar EN ISO 15118-2:2016 agus EN ISO 15118-20:2022, ba cheart iad a bheith in ann leanúint orthu ag déanamh amhlaidh go dtí go mbeidh aistriú iomlán margaidh bainte amach. Le Rialachán (AE) 2023/1804 ba cheart cur chun feidhme idir-inoibritheach agus slán plugáil isteach agus luchtú a áirithiú.

(26) Ba cheart 'suiteáil' a thuiscint mar lonnú tosaigh trealaimh ábhartha uile pointe athluchtaithe, lena n-áirítear crua-earraí, bogearraí agus bonneagar leictreach gaolmhar, amhail naisc soláthair leictreachais, claochladáin, agus córais leictreacha eile, chun gur féidir feithiclí leictreacha a athluchtú. Ní hionann é agus an pointe luchtaithe a bheith á chur in úsáid, rud a d'éileodh go mbeadh sé go hiomlán oibríoch agus ar fáil d'úsáideoirí deiridh freisin. Ba cheart 'athchóiriú' a thuiscint mar athsholáthar mór nó iomlán trealaimh ábhartha pointe athluchtaithe. Níor cheart nuashonraithe cothabhála tráthrialta, lena n-áirítear athsholáthar comhchodanna sonracha, amhail cáblaí athluchtaithe, a mheas mar athchóiriú. Chuir CEN agus Cenelec an Coimisiún ar an eolas gur cheart an caighdeán maidir le pointí athbhreoslaithe lena ndáiltear hidrigin ghásach a úsáidtear mar bhreosla ar bord mótarfheithiclí agus an t-algartam breoslaithe gaolmhar atá i bpointí 3.1 agus 3.3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804 a thabhairt chothrom le dáta mar gheall ar leagan nua den chaighdeán. Ba cheart feidhm a bheith ag caighdeán EN 17127:2024 maidir leis na pointí athbhreoslaithe agus na halgartaim bhreoslaithe ghaolmhara sin. Chuir CEN agus Cenelec an Coimisiún ar an eolas freisin maidir leis an gcaighdeán a mholtar a chur i bhfeidhm maidir le nascóirí le haghaidh pointí athbhreoslaithe lena ndáiltear hidrigin ghásach (chomhbhrúite) le haghaidh feithiclí tromshaothair. De réir phointe 3.5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804, ba cheart feidhm a bheith ag caighdeán EN 17127:2024 maidir leis na pointí athluchtaithe sin.

(27) Ba cheart teideal phointe 3.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804 a athrú chomh maith chun éiginnteacht margaidh a sheachaint agus chun a shoiléiriú nach bhfuil feidhm aige ach maidir le pointí athbhreoslaithe lena ndáiltear hidrigin ghásach (chomhbhrúite) le haghaidh feithiclí saothair éadroim. Leis an athrú teidil sin, déanfar idirdhealú níos fearr idir na sonraíochtaí teicniúla sonracha le haghaidh pointí athbhreoslaithe lena ndáiltear hidrigin ghásach (chomhbhrúite) le haghaidh feithiclí saothair éadroim i bpointe 3.1 d'Iarscríbhinn II agus seachnófar forluí leis na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh feithiclí tromshaothair i bpointe 3.5 den Iarscríbhinn sin, agus an raon feidhme céanna á choinneáil.

(28) Le Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) leagtar amach ceanglais maidir le cumais náisiúnta i réimse na cibearshlándála, ceanglaítear ar na Ballstáit straitéisí náisiúnta cibearshlándála a ghlacadh agus tugtar isteach rialacha agus oibleagáidí maidir le bainistíocht riosca cibearshlándála agus comhroinnt faisnéise. Toisc go n-áirítear oibreoirí pointí athluchtaithe mar chuid d'earnáil ardchritiúlachta i Treoir (AE) 2022/2555, ba cheart cur i bhfeidhm na Treorach sin agus na gceanglas a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/1804 a bheith comhlántach.

(29) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/1804 a leasú dá réir sin.

(30) Le hAirteagal 21(6) de Rialachán (AE) 2023/1804, maidir le leasuithe ar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin arna nglacadh le gníomhartha tarmligthe, ceanglaítear idirthréimhsí réasúnta a bheith i gceist leo sula mbeidh na forálacha san Iarscríbhinn sin ceangailteach. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le dáta curtha siar chur i bhfeidhm sa Rialachán seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 8 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Aibreán 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([5]) Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS), (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2555/oj).

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1804 mar a leanas:

(1) cuirtear an pointe 0 seo a leanas isteach:

‘0. Sainmhínithe:

Chun críche na hIarscríbhinne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn ‘suiteáil’ lonnú tosaigh trealaimh ábhartha uile pointe athluchtaithe, lena n-áirítear crua-earraí, bogearraí agus bonneagar leictreach gaolmhar, amhail naisc soláthair leictreachais, claochladáin, agus córais leictreacha eile, chun gur féidir feithiclí leictreacha a athluchtú;

(b) ciallaíonn ‘athchóiriú’ athsholáthar mór nó iomlán trealaimh ábhartha pointe athluchtaithe.’

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1.1 go 1.4:

‘1.1. Pointí athluchtaithe gnáthchumhachta le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim:

— maidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta ag a bhfuil sruth ailtéarnach (SA) le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim a shuiteálfar nó a athchóireofar ón 8 Eanáir 2026, beidh siad feistithe, chun críoch idir-inoibritheachta, le hasraonta soicéid nó le nascóirí feithicle de Chineál 2 le haghaidh athluchtú i Mód 3 ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN IEC 62196-2:2022, ar a laghad, nó, más é go bhfuil cumhacht níos lú ná 3,7 kW nó cothrom leis sin acu agus más é a bpríomhfheidhm feithiclí leictreacha a athluchtú i Mód 2, beidh siad feistithe le hasraonta soicéid atá i gcomhréir le caighdeán IEC 60884-1:2022; maidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta ag a bhfuil sruth ailtéarnach (SA) a shuiteálfar roimh an dáta sin, leanfaidh siad de chaighdeán EN IEC 62196-2:2017 a chomhlíonadh go dtí go n-athchóireofar iad;

— maidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta ag a bhfuil sruth díreach (SD) le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim a shuiteálfar nó a athchóireofar ón 8 Eanáir 2026, beidh siad feistithe, chun críoch idir-inoibritheachta, le nascóirí feithicle an chomhchórais luchtaithe ‘Combo 2’ le haghaidh athluchtú i Mód 4, ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN IEC 62196-3:2022, ar a laghad; maidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta ag a bhfuil sruth díreach (SD) a shuiteálfar roimh an dáta sin, leanfaidh siad de chaighdeán EN IEC 62196-3:2014 a chomhlíonadh go dtí go n-athchóireofar iad;

1.2. Pointí athluchtaithe ardchumhachta le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim:

— maidir le pointí athluchtaithe ardchumhachta ag a bhfuil sruth ailtéarnach (SA) le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim a shuiteálfar nó a athchóireofar ón 8 Eanáir 2026, beidh siad feistithe, chun críoch idir-inoibritheachta, le nascóirí feithicle de Chineál 2 le haghaidh athluchtú i Mód 3, ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN IEC 62196-2:2022, ar a laghad; maidir le pointí athluchtaithe ardchumhachta ag a bhfuil sruth ailtéarnach (SA) a shuiteálfar roimh an dáta sin, leanfaidh siad de chaighdeán EN IEC 62196-2:2017 a chomhlíonadh go dtí go n-athchóireofar iad;

— maidir le pointí athluchtaithe ardchumhachta ag a bhfuil sruth díreach (SD) le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim a shuiteálfar nó a athchóireofar ón 8 Eanáir 2026, beidh siad feistithe, chun críoch idir-inoibritheachta, le nascóirí feithicle an chomhchórais luchtaithe ‘Combo 2’ le haghaidh athluchtú i Mód 4, ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN IEC 62196-3:2022, ar a laghad; maidir le pointí athluchtaithe ardchumhachta ag a bhfuil sruth díreach (SD) a shuiteálfar roimh an dáta sin, leanfaidh siad de chaighdeán EN IEC 62196-3:2014 a chomhlíonadh go dtí go n-athchóireofar iad;

1.3. Pointí athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha de chatagóir L:

1.3.1. Na pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal ag a bhfuil sruth ailtéarnach (SA), agus atá curtha in áirithe d’fheithiclí leictreacha de chatagóir L a bhfuil aschur cumhachta níos lú ná 3,7 kW nó cothrom leis sin acu, beidh siad feistithe, chun críoch idir-inoibritheachta, le ceann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas:

(a) asraonta soicéid nó nascóirí feithicle de Chineál 3A ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN IEC 62196-2:2022 (le haghaidh athluchtú i Mód 3);

(b) asraonta soicéid atá i gcomhréir le caighdeán IEC 60884-1:2022 (le haghaidh athluchtú i Mód 1 nó Mód 2).

1.3.2. Na pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal ag a bhfuil sruth ailtéarnach (SA) agus atá curtha in áirithe d’fheithiclí leictreacha de chatagóir L os cionn 3,7 kW a shuiteálfar nó a athchóireofar ón 8 Eanáir 2026, beidh siad feistithe, chun críoch idir-inoibritheachta, le hasraonta soicéid nó le nascóirí feithicle de Chineál 2 le haghaidh athluchtú i Mód 3, ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN IEC 62196-2:2022, ar a laghad; maidir le pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal ag a bhfuil sruth ailtéarnach (SA) agus atá curtha in áirithe d’fheithiclí leictreacha de chatagóir L os cionn 3,7 kW a shuiteálfar roimh an dáta sin, leanfaidh siad de chaighdeán EN IEC 62196-2:2017 a chomhlíonadh go dtí go n-athchóireofar iad.

1.3.3. Maidir leis na pointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus ardchumhachta atá inrochtana don phobal ag a bhfuil sruth díreach (SD) agus atá curtha in áirithe d’fheithiclí leictreacha de chatagóir L a shuiteálfar nó a athchóireofar ón 8 Eanáir 2026, beidh siad feistithe, chun críoch idir-inoibritheachta, le nascóirí feithicle an chomhchórais luchtaithe ‘Combo 2’ le haghaidh athluchtú i Mód 4, ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN IEC 62196-3:2022, ar a laghad; maidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus ardchumhachta atá inrochtana don phobal ag a bhfuil sruth díreach (SD) a shuiteálfar roimh an dáta sin, leanfaidh siad de chaighdeán EN IEC 62196-3:2014 a chomhlíonadh go dtí go n-athchóireofar iad.

1.4. Pointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus pointí athluchtaithe ardchumhachta le haghaidh busanna leictreacha:

— maidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus ardchumhachta ag a bhfuil sruth ailtéarnach (SA) le haghaidh busanna leictreacha a shuiteálfar nó a athchóireofar ón 8 Eanáir 2026, beidh siad feistithe, chun críoch idir-inoibritheachta, le nascóirí de Chineál 2 le haghaidh athluchtú i Mód 3, ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN IEC 62196-2:2022, ar a laghad; maidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus ardchumhachta ag a bhfuil sruth ailtéarnach (SA) a shuiteálfar roimh an dáta sin, leanfaidh siad de chaighdeán EN IEC 62196-2:2017 a chomhlíonadh go dtí go n-athchóireofar iad;

— maidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus ardchumhachta ag a bhfuil sruth díreach (SD) le haghaidh busanna leictreacha a shuiteálfar nó a athchóireofar ón 8 Eanáir 2026, beidh siad feistithe, chun críoch idir-inoibritheachta, le nascóirí feithicle an chomhchórais luchtaithe ‘Combo 2’ le haghaidh athluchtú i Mód 4, ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN IEC 62196-3:2022, ar a laghad; maidir le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta agus ardchumhachta ag a bhfuil sruth díreach (SD) a shuiteálfar roimh an dáta sin, leanfaidh siad de chaighdeán EN IEC 62196-3:2014 a chomhlíonadh go dtí go n-athchóireofar iad,’;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1.6 agus 1.7:

‘1.6. Pointí athluchtaithe ardchumhachta le haghaidh feithiclí leictreacha tromshaothair:

— Maidir le pointí athluchtaithe ardchumhachta ag a bhfuil sruth díreach (SD) le haghaidh bonneagar athluchtaithe atá in ann leictreachas a sholáthar d’fheithiclí leictreacha saothair éadroim agus d’fheithiclí leictreacha tromshaothair araon, beidh siad feistithe, chun críoch idir-inoibritheachta, le nascóirí feithicle an chomhchórais luchtaithe ‘Combo 2’ le haghaidh athluchtú i Mód 4, ar a bhfuil tuairisc i gcaighdeán EN IEC 62196-3:2022, ar a laghad.

1.7. Sonraíochtaí teicniúla maidir le hathluchtú ionduchtach statach gan sreang le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim:

Maidir le pointí athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim atá tiomnaithe d’athluchtú ionduchtach statach gan sreang, beidh siad i gcomhréir, chun críoch idir-inoibritheachta, leis na rudaí seo a leanas:

— EN IEC 61980-1:2021 ‘Córais aistrithe cumhachta gan sreang le haghaidh feithiclí leictreacha – Cuid 1: Ceanglais ghinearálta’;

— EN IEC 61980-2:2023 ‘Córais aistrithe cumhachta gan sreang le haghaidh feithiclí leictreacha – Cuid 2: Ceanglais shonracha le haghaidh cumarsáid agus gníomhaíochtaí maidir le córas aistrithe cumhachta gan sreang le haghaidh réimse maighnéadach’;

— EN IEC 61980-3:2022 ‘Córais aistrithe cumhachta gan sreang le haghaidh feithiclí leictreacha – Cuid 3: Ceanglais shonracha maidir le córas aistrithe cumhachta gan sreang le haghaidh réimse maighnéadaigh.”;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.14:

‘1.14. Sonraíochtaí teicniúla maidir le córas bóithre leictreacha le haghaidh soláthar cumhachta dinimiciúil ar leibhéal na talún trí ráillí seoltacha le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim agus feithiclí leictreacha tromshaothair:

Maidir le bonneagar athluchtaithe le haghaidh sruth ailtéarnach (SA) agus sruth díreach (SD) atá tiomnaithe do chóras bóithre leictreacha le haghaidh soláthar cumhachta dinimiciúil ar leibhéal na talún trí ráillí seoltacha le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim agus feithiclí leictreacha tromshaothair atá feistithe le gairis tiomsaitheora srutha ar leibhéal na talún, a fhágann gur féidir le feithiclí bóthair sruth seolta a thiomsú ó rian beathaithe atá comhtháite sa bhóthar, comhlíonfaidh sé na rudaí seo a leanas, chun críoch idir-inoibritheachta:

— CLC/TS 50717:2022 ‘Ceanglais theicniúla le haghaidh tiomsaitheoirí srutha maidir le córas beathaithe ar leibhéal na talún ar fheithiclí bóthair atá á n-oibriú.”;

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2.1:

‘2.1. Sonraíochtaí teicniúla maidir leis an gcumarsáid idir an fheithicil leictreach agus an pointe athluchtaithe (cumarsáid ó fheithicil go heangach):

2.1.1. Maidir leis na pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal ag a bhfuil sruth ailtéarnach (SA) agus sruth díreach (SD) le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim agus feithiclí leictreacha tromshaothair a shuiteálfar nó a athchóireofar ón 8 Eanáir 2026, beidh siad i gcomhréir, chun críoch idir-inoibritheachta, leis na caighdeáin seo a leanas ar a laghad:

— EN ISO 15118-1:2019 ‘Feithiclí bóthair – Comhéadan cumarsáide ó fheithicil go heangach – Cuid 1: Faisnéis ghinearálta agus sainiú ar an gcás úsáide’;

— EN ISO 15118-2:2016 ‘Feithiclí bóthair – Comhéadan cumarsáide ó fheithicil go heangach – Cuid 2: Ceanglais an phrótacail líonra agus an phrótacail cur i bhfeidhm’;

— EN ISO 15118-3:2016 ‘Feithiclí bóthair – Comhéadan cumarsáide ó fheithicil go heangach – Cuid 3: Ceanglais na sraithe fisicí agus shraith an naisc sonraí’;

— EN ISO 15118-4:2019 ‘Feithiclí bóthair – Comhéadan cumarsáide ó fheithicil go heangach – Cuid 4: Tástáil chomhréireachta an phrótacail líonra agus an phrótacail cur i bhfeidhm’;

— EN ISO 15118-5:2019 ‘Feithiclí bóthair – Comhéadan cumarsáide ó fheithicil go heangach – Cuid 5: Tástáil chomhréireachta na sraithe fisicí agus shraith an naisc sonraí’.

2.1.2. Maidir leis na pointí athluchtaithe atá inrochtana don phobal ag a bhfuil sruth ailtéarnach (SA) agus sruth díreach (SD) le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim agus feithiclí leictreacha tromshaothair a shuiteálfar nó a athchóireofar ón 1 Eanáir 2027, beidh siad i gcomhréir, chun críoch idir-inoibritheachta, le caighdeáin EN ISO 15118-20:2022 ‘Feithiclí bóthair – Comhéadan cumarsáide ó fheithicil go heangach – Cuid 20: Ceanglais na sraithe líonra agus na sraithe cur i bhfeidhm den dara glúin’, ar a laghad. I gcás go gcuireann pointí athluchtaithe den chineál sin seirbhísí fíordheimhnithe agus údaraithe uathoibríoch ar fáil, amhail plugáil isteach agus luchtú, beidh siad i gcomhréir, chun críoch idir-inoibritheachta agus sábháilteachta, le caighdeáin EN ISO 15118-2:2016 agus caighdeán EN ISO 15118-20:2022 araon.

2.1.3. Maidir leis na pointí athluchtaithe príobháideacha ag a bhfuil sruth ailtéarnach (SA) agus sruth díreach (SD) le haghaidh feithiclí leictreacha saothair éadroim agus feithiclí leictreacha tromshaothair a shuiteálfar nó a athchóireofar ón 1 Eanáir 2027, beidh siad i gcomhréir, chun críoch idir-inoibritheachta, leis na caighdeáin seo a leanas ar a laghad:

(a) EN IEC 61851-1:2019 ‘Córas luchtaithe sheoltaigh le haghaidh feithiclí leictreacha – Cuid 1: Riachtanais ghinearálta’ (le haghaidh athluchtú i Mód 2);

(b) EN ISO 15118-20:2022 ‘Feithiclí bóthair – Comhéadan cumarsáide ó fheithicil go heangach – Cuid 20: Ceanglais na sraithe líonra agus na sraithe cur i bhfeidhm den dara glúin’ (le haghaidh athluchtú i Mód 3 nó Mód 4).’

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.1:

‘3.1. Sonraíochtaí teicniúla maidir le nascóirí le haghaidh pointí athbhreoslaithe lena ndáiltear hidrigin ghásach (chomhbhrúite) le haghaidh feithiclí saothair éadroim, beidh siad i gcomhréir, chun críoch idir-inoibritheachta, leis na ceanglais idir-inoibritheachta ar a dtugtar tuairisc i gcaighdeán EN 17127:2024 ar a laghad.’

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.3:

‘3.3. Comhlíonfaidh an t-algartam breoslaithe hidrigin ceanglais chaighdeán EN 17127:2024.’

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.5:

‘3.5. Sonraíochtaí teicniúla maidir le nascóirí le haghaidh pointí athbhreoslaithe lena ndáiltear hidrigin ghásach (chomhbhrúite) le haghaidh feithiclí tromshaothair, beidh siad i gcomhréir, chun críoch idir-inoibritheachta, leis na ceanglais ar a dtugtar tuairisc i gcaighdeán EN 17127:2024 ar a laghad.’.